Tailte Éireann
Clárúchchán, Luacháil, Suirbhéireacht
Registration, Valuation, Surveying

## Ordú Luachála
## Limistéar Údaráis Rátaíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí

Ordaím féin, Colm Lavery, Príomhoifigeach Oibríochtaí (Luacháil), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 19(1) den Acht Luachála 2001 (Uimh. 13 de 2001), arna leasú le halt 7 den Acht Luachála (Leasú) 2015 (Uimh. 10 de 2015), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le Comhairle Cathrach Chorcaí, leis seo mar a leanas:

1. Sonraítear leis seo limistéar údaráis rátaíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí mar limistéar a bhfuil sé beartaithe agam, mar Phríomhoifigeach Oibríochtaí (Luacháil), duine a cheapadh dó, faoi alt 19(2) den Acht Luachála 2001, arna leasú le halt 7 den Acht Luachála (Leasú) 2015, chun luacháil a eagrú agus a chinntiú ar réadmhaoin ábhartha ar an liosta luachála atá suite sa limistéar údaráis rátíochta sin agus ar aon réadmhaoin ábhartha a iontráladh ar an liosta sin idir déanamh an ordaithe luachála agus foilsiú an liosta, seachas:

   (a) aon réadmhaoin ábhartha is ábhar d'ordú faoi alt 53, nó
   (b) aon réadmhaoin ábhartha a shonraítear i Sceideal 4.

2. Is é an 20 Meitheamh 2025 an dáta ar a ndéanfar luach gach réadmhaoine ábhartha, is ábhar don luacháil a luaitear san ordú sin, a chinneadh.

3. Is é an 22Meán Fómhair 2027 dáta foilsithe an liosta luachála i leith na réadmhaoine ábhartha lena mbaineann an t-ordú sin.

4. Is é an 29Deireadh Fómhair 2027 an dáta éifeachtach don liosta luachála i leith na réadmhaoine ábhartha lena mbaineann an t-ordú sin.

5. Féadfar an t-ordú sin a ghairm mar an tAcht Luachála 2001, arna leasú, (Comhairle Cathrach Chorcaí) Ordú Luachála 2025.

ARNA THABHAIRT faoi mo lámh, an23ú lá seo d'Iúil 2025.

Colm Lavery
Príomhoifigeach Oibríochta (Luacháil)

**Bloc 2, Ionad Irish Life, Sráid na Mainistreach Íocht, Baile Átha Cliath, D01 E9X0**
Block 2, Irish Life Centre, Abbey Street Lower, Dublin D01 E9X0
T +353 1 817 1000 | info@tailte.ie
www.tailte.ie